Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Eanáir 2022**
**(OR. en)**

**5078/22**

**ECOFIN 10**
**UEM 4**
**SOC 4**
**EMPL 3**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Tuarascáil 2022 maidir leis an Sásra Foláirimh<br>– Draft ECOFIN Council conclusions |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na dréachtchonclúidí ón gComhairle i ndáil leis an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh 2022, mar a d'ullmhaigh an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais ar an 10-11 Eanáir 2022 iad.

**TUARASCÁIL 2022 MAIDIR LEIS AN SÁSRA FOLÁIRIMH**

– Dréacht-Chonclúidí ó Chomhairle ECOFIN –

Déanann an Chomhairle (ECOFIN) an méid seo a leanas:

1. AITHNÍONN SÍ go bhfuil geilleagar an Aontais ag téarnamh ón gcúlú tar éis ráig phaindéim COVID-19 go luath in 2020 cé go bhfuil an t-ionchas eacnamaíoch thar a bheith neamhchinnte i gcomhthéacs an mhéadaithe mhóir i rátaí ionfhabhtaithe. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil méadú suntasach ar an éileamh mar thoradh ar an athoscailt eacnamaíoch ach go bhfuil srian ar ghníomhaíocht fós mar gheall ar scrogaill soláthair. ADMHAÍONN SÍ gur chuir an phaindéim le rioscaí maicreacnamaíochta agus gur measa iad na héagsúlachtaí i bhfeidhmíocht eacnamaíocht agus neamhionannais mhéadaithe, laistigh de thíortha an Aontais agus an limistéir euro agus eatarthu.

2. CUIREANN SÍ I dTREIS á thábhachtaí atá cur chun feidhme leanúnach an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha agus IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil 2022 maidir leis an Sásra Foláirimh, lena dtionscnaítear an t-aonú babhta déag bliantúil. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a thábhachtaí atá sé míchothromaíochtaí a chuireann bac ar dhea-fheidhmiú gheilleagair na mBallstát, an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta nó gheilleagar an Aontais Eorpaigh ina iomláine a bhrath, a chosc agus a cheartú go luath.

3. AONTAÍONN SÍ TRÍD IS TRÍD leis an measúnú ar an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh i ndáil le forás míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha san Aontas agus laistigh den limistéar euro, agus na rioscaí atá ag teacht chun cinn. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur chuir an cúlú tobann in 2020 isteach ar cheartú na míchothromaíochtaí maicreacnamaíochta a bhaineann le fiachais arda príobháideacha, rialtais agus sheachtracha. Ina theannta sin, leis an iasachtaíocht phoiblí agus phríobháideach a rinneadh chun poist agus an acmhainn táirgeachta a chaomhnú, chun teaghlaigh agus gnólachtaí a chosaint ar thionchar na paindéime, cuireadh le fiachais rialtais agus fiachais san earnáil phríobháideach. Le déanaí, tá cóimheasa fiachais ag cobhsú nó thosaigh siad ag laghdú sa chuid is mó de thíortha an Aontais i ndiaidh dóibh méadú go suntasach anuraidh, agus leas á bhaint acu as an téarnamh suntasach eacnamaíoch, mar aon le coigiltis teaghlaigh agus coigiltis chorparáideacha le linn na paindéime. ADHMHAÍONN SÍ go bhféadfadh an meath i gcáilíocht na sócmhainní poiblí agus príobháideacha difear a dhéanamh do chláir chomhardaithe na n-institiúidí airgeadais, arb íseal fós í a mbrabúsacht i bhformhór na mBallstát.

4. AITHNÍONN SÍ go raibh tionchar sealadach ag an bpaindéim ar chuntais sheachtracha ach nach raibh athruithe ó bhonn ar phatrúin na gcuntas reatha mar thoradh uirthi. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go raibh laghdú sealadach i gcuntas reatha an limistéir euro in 2020 ach go bhfuil sé ag fás go tréan agus ag filleadh chuig an leibhéal a bhí ann in 2021. ADMHAÍONN SÍ go bhfuil barrachas sa chuntas reatha fós ann sa limistéar euro, rud a thugann le fios go bhfuil spás ann chun an t-éileamh a choinneáil. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur mór iad na barrachais sna cuntais reatha i roinnt Ballstát agus go raibh meath sealadach sna cuntais sheachtracha i mBallstáit ina mbíonn turasóireacht trasteorann shuntasach, agus go bhfuil comharthaí an go bhfuil ceartúcháin ag teacht chun cinn, lena n-áirítear i roinnt Ballstát le staideanna glaninfheistíochta diúltacha idirnáisiúnta.

5. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfacthas dinimiceas breise i margaí tithíochta le linn na géarchéime agus go bhfuil na rioscaí maidir le róluacháil i bpraghsanna tithe ag méadú, agus is cúis imní sin go háirithe sna Ballstáit a bhfuil leibhéal ard fiachais teaghlaigh iontu. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur féidir na brúnna a bhaineann le hiomaíochas costas a bheith ag fás go tréan leis an téarnamh, i measc roinnt ganntanas lucht saothair agus leis an ardú tobann ar phraghsanna fuinnimh, go háirithe i mBallstáit a raibh tionchar níos lú ag an ngéarchéim orthu.

6. IS DÍOL SÁSAIMH DI an anailís ardcháilíochta sa Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh agus IS MÓR AICI go leanann an Coimisiún d'úsáid a bhaint as creataí anailíseacha arna bhforbairt i gcomhairle leis na Ballstáit. IS DÍOL SÁSAIMH DI go gcuirtear san áireamh fós sa tuarascáil measúnú réamhbhreathnaitheach ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an ngéarchéim ar chobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus ar fhorbairt na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha atá ann cheana. Tá sin ábhartha go háirithe i bhfianaise na héiginnteachta maidir le tionchar iomlán ghéarchéim COVID-19. MEABHRAÍTEAR DI an éiginnteacht maidir le forbairt na ngeilleagar agus CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór a bheith stuama agus conclúidí á dtarraingt i ndáil le míchothromaíochtaí atá bunaithe ar réamhaisnéis na sonraí.

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an rún atá ag an gCoimisiún grinn-athbhreithnithe a dhéanamh do 12 Bhallstát a mheas an Chomhairle go bhfuil siad faoi réir míchothromaíochtaí nó míchothromaíochtaí iomarcacha sa chleachtadh in 2021. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go ndéanfar measúnú sna grinn-athbhreithnithe in 2022 ar an gcaoi a d'fhorbair na míchothromaíochtaí sin, agus anailís á déanamh ar a thromchúisí atá siad agus ar an gcaoi ar tháinig siad chun cinn, agus an fhreagairt bheartais ó na Ballstáit, chun measúnuithe atá ann cheana a nuashonrú agus riachtanais bheartais eile a d'fheadfadh a bheith ann fós a mheasúnú. AONTAÍONN SÍ gur gá dlúthfhaireachán a dhéanamh ar na rioscaí i roinnt Ballstát nach meastar go bhfuil údar leis na grinn-athbhreithnithe a dhéanamh ina leith ag an bpointe seo, go háirithe maidir le fás suntasach i bpraghsanna tithíochta, chomh maith le fiachas méadaitheach príobháideach, éagsúlachta ó thaobh iomaíochas costas, agus an t-idirghníomhú idir cláir chomhardaithe rialtais agus cláir chomhardaithe phríobháideacha.

8. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil sé ríthábhachtach i gcónaí míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú. MEABHRAÍTEAR DI má dhéantar míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú go gcuirtear feabhas ar chumas na mBallstát freagairt ar shuaití agus go dtacaítear le cóineasú eacnamaíoch agus go mbíonn iarmhairtí dearfacha ann ar fud an limistéir euro agus thíortha an Aontais mar thoradh ar mhíchothromaíochtaí a laghdú.

9. AONTAÍONN SÍ go dtugann an tsaoráid téarnaimh agus athléimneachta deis don Aontas tacú leis an téarnamh agus teacht as an ngéarchéim agus é láidir, athléimneach. ADMHAÍONN SÍ le cur chun feidhme tráthúil, iomlán, éifeachtach na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta gur féidir tacú le míchothromaíochtaí a laghdú agus riosca maicreacnamaíocha a mhaolú. IARRANN SÍ go ndéanfaí freagairtí iomchuí beartais a áirithiú chun aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí agus chun táirgiúlacht agus acmhainneacht fáis a fheabhsú, mar aon le hiomaíochas gheilleagar an Aontais.

10. MEABHRAÍTEAR DI go bpléifidh an Chomhairle an reachtaíocht lena rialaítear an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha mar chuid den athbhreithniú ar cheart rialachais eacnamaíoch an Aontais.